C/2024/831

15.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11338 – BAOSTEEL / MITSUI / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/831)

1. An 8.1.2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Shanghai Baosteel International Economic & Trading Co., Ltd. ('Baosteel', an tSín), atá faoi rialú China Baowu Steel Group Corporation Limited ('Baowu Group', an tSín),

— Mitsui & Co. Ltd. ('Mitsui', an tSeapáin).

Gheobhaidh Baosteel agus Mitsui rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Zhejiang Bao-Mit Precision Steel Technology Co., Ltd. (an 'JV', an tSín), atá faoi rialú aonair Baowu Group faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Baosteel ag gabháil le monaraíocht, próiseáil agus dáileadh iarainn agus cruach, teicneolaíocht faisnéise, an tionscal carbóin agus gnó airgeadais,

— Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadal é Mitsui atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear táirgí iarainn agus cruach, acmhainní mianraí agus miotail, tionscadail bhonneagair, soghluaisteacht, ceimiceáin, fuinneamh, acmhainní bia, seirbhís tomhaltóirí, forbairt TF agus forbairt cumarsáide/corparáideach.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an JV: táirgí cruach fuar-rollta críochnaithe a phróiseáil agus a dhíol, seirbhísí próiseála le haghaidh cruach fuar-rollta a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe ach táille a íoc, táirgí cruach brataithe agus táirgí cruach leictreach (sileacain) a phróiseáil agus a dhíol agus táirgí cruach neamhphróiseáilte Baosteel a dháileadh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

6. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11338 – BAOSTEEL / MITSUI / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË